Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2016**
**(OR. en)**

**12724/16**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0133 (COD)**
**2016/0222 (COD)**
**2016/0223 (COD)**
**2016/0224 (COD)**

**ASILE 39**
**CODEC 1350**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613<br>11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078<br>11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1<br>11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An Chéad léamh)<br>– Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí le haghaidh cosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An Chéad léamh)<br>– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An Chéad léamh)<br>– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcobhsaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear 2013/32/AE (An Chéad léamh)<br>= Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2016 ("I dtreo Athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus bealaí dlíthiúla taistil chun an Eoraip a fheabhsú")[1] maidir leis an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET), thíolaic an Coimisiún
   - ar an 11 Bealtaine 2016, **céad phacáiste de thograí reachtacha**, ina bhfuil an méid seo a leanas:
     - athmhúnlú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta (8715/16);
     - Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, a chuirtear in ionad Rialachán EASO (8742/16);
     - athmhúnlú ar an Rialachán maidir le 'Eurodac' a bhunú (8765/16);
   - ar an 18 Iúil 2016, **an dara pacáiste de thograí reachtach**a, ina bhfuil an méid seo a leanas:
     - Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann i ndáil le cosaint idirnáisiúnta san AE (a chuirtear in ionad na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn) (11317/16 + ADD 1 + ADD 2);
     - Rialachán maidir le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta (a chuirtear in ionad na Treorach maidir le Cáilitheacht) (11316/16 + ADD 1);
     - athmhúnlú ar an Treoir maidir le coinníollacha glactha iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta (11318/1/16 REV 1);
     - Rialachán lena mbunaítear Creat Athlonnaithe Aontais (11313/16).

2. De réir an Choimisiúin, is iad an méid a leanas **cuspóirí ginearálta** an dá phacáiste thuasluaite:
   - feabhas a chur ar fheidhmiú CET trí dheireadh a chur leis an gcaoi éagsúil a chaitear le lucht iarrtha tearmainn agus le rátaí éagsúla aitheantais i measc na mBallstát;
   - gluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú agus cur le dáileadh freagrachta ar bhealach níos cothroime i measc na mBallstát chun cosaint a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar.

[1] 7665/16.

3. Is **tosaíocht** é athchóiriú CET d'Uachtaránacht na Slóvaice a bhfuil sé mar chuspóir aici an dul chun cinn is mó is féidir a bhaint amach maidir leis an oiread tograí agus is féidir. Is léiriú an tosaíocht sin, go háirithe, ar sceidealú na 17 lá cruinnithe don Mheitheal um "Thearmann" go dtí deireadh a téarma. Cé gur thíolaic an Coimisiún an t-athchóiriú atá beartaithe in dhá chéim, feictear don Uachtaránacht go bhfuil na seacht dtogra mar chodanna d'iarracht chasta reachtach amháin.

4. Go nuige seo, dhírigh an Uachtaránacht ar an scrúdú ar na chéad trí thogra (Baile Átha Cliath, Eurodac agus Rialacháin i dtaca le Gníomhaireacht um Thearmann) agus, tar éis moille gur féidir anailís chríochnúil a dhéanamh ar thograí reachtacha mhí Iúil, tá plé curtha ar bun ag an am céanna ar na tograí ar fad atá fágtha. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach cheana féin maidir le Rialachán Eurodac agus maidir le Gníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Rialú Tearmainn (12726/16).

5. Tá na gníomhartha reachtacha seo atá beartaithe faoi réir an **ghnáthnós imeachta reachtaigh**.[2]

## II. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

6. Go dtí seo, tá an Mheitheal um Thearmann tar éis **scrúdú a dhéanamh ar daichead Airteagal** ón togra (Airt 1-38 agus 44-45) ag na cruinnithe a bhí aici ar an 26 Bealtaine, an 14 Meitheamh, 15 Iúil, 7 agus 28 Meán Fómhair 2016.

7. Cé go bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta curtha isteach ag an gcuid is mó de na Ballstáit, bhí tromlach na dtoscaireachtaí den tuairim go bhfuil **gá le rialacha reatha Bhaile Átha Cliath a athchóiriú agus thacaigh siad le dhá cheann de phríomhaidhmeanna** an Rialacháin: cinneadh a dhéanamh níos sciobtha agus ar bhealach níos éifeachtúla faoin mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar éilimh maidir le tearmann agus gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc.

---

**2** Tá rapóirtéirí Pharlaimint na hEorpa mar a leanas:
- Rialachán Bhaile Átha Cliath: Cecilia WIKSTROM (ALDE, SE);
- an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha: Sophie IN'T VELD (ALDE, SE):;
- an Rialacháin Cáilitheachta: Tanja FAJON (S&D, SI);
- an Rialachán Um Nósanna Imeachta Tearmainn: Laura FERRARA (EFDD, IT).

8. Ar na hábhair imní a d'ardaigh na toscaireachtaí go dtí seo tá:

- aon Bhallstát amháin atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar éilimh ar thearmann agus deireadh a chur le scor freagrachta;
- an oibleagáid atá ar na Ballstáit i gcás inar taisceadh an t-iarratas chun seiceálacha áirithe a dhéanamh sula gcuirfear na critéir i bhfeidhm chun cé acu Ballstát atá freagrach a chinneadh;
- an sainmhíniú ar "baill teaghlaigh";
- rialacha leasaithe do réitigh;
- spriocdhátaí níos giorra i ndáil le coinneáil agus le haistrithe;
- an sásra leithdháilte ceartaitheach agus an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta airgeadais.
- ceisteanna airgeadais, oibríochtúla agus praiticiúla i ndáil leis an gcóras nua uathoibrithe;

## III. TOGRAÍ REACHTACHA MÍ IÚIL

9. Rinne an Coimisiún cur i láthair ginearálta maidir leis na tograí i mí Iúil ag an Meitheal um Thearmann ar an 15 Iúil 2016 agus cur i láthair níos mionsonraithe ar an 29 Meán Fómhair 2016, tar éis plé inar ceadaíodh do na Ballstáit a **seasaimh tosaigh** a chur in iúl.

10. Tá **forchoimeádais ghrinnscrúdaithe** ag an gcuid is mó de na toscaireachtaí. Cé go bhfuil na tuairimí a nocht na toscaireachtaí fós réamhráiteach, léiríodh **tacaíocht ghinearálta** do chuspóirí gach togra sa phlé. Mar sin féin, chuir roinnt toscaireachtaí a **gcuid ábhar imní** in iúl. Ba ábhar imní go háirithe do na toscaireachtaí an t-ualach airgeadais agus riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus a thig go díreach as roinnt de na tograí ón gCoimisiún. Baineann ábhair imní eile go háirithe leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) *Treoir maidir le Coinníollacha Glactha*

- oibleagáid ar na Ballstáit pleananna teagmhasacha a dhréachtadh agus a nuashonrú go rialta lena áirithiú go nglacfar le hiarratasóirí ar bhealach leordhóthanach nuair a fhaigheann siad líon díréireach iarratasóirí;
- oibleagáid ar na Ballstáit na caighdeáin choiteanna agus táscairí maidir le coinníollacha glactha a chur san áireamh agus faireachán agus rialú a dhéanamh ar a gcórais glactha;
- oibleagáid ar na Ballstáit caomhnóir a shannadh chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann mionaoiseach agus chun cúnamh a thabhairt dóibh;
- go gcaithfear go cothrom le hiarratasóirí san Aontas maidir le rochtain ar mhargadh an tsaothair, an leibhéal céanna slándála sóisialta, laghdú ar an teorainn ama chun rochtain a fháil ar an margadh saothair ó 9 mí go 6 mhí;
- sásra smachtbhannaí i gcás gluaiseachtaí tánaisteacha.

b) *An Rialacháin Cáilitheachta*

- athbhreithnithe éigeantacha cosanta córasacha agus rialta stádais;
- smachtbhannaí atá dírithe ar ghluaiseachtaí tánaisteacha a laghdú;
- an oibleagáid atá ar Bhallstát anailís chomhchoiteann a chur san áireamh agus treoir maidir le Gníomhaireacht AE um thearmann i ndáil leis an staid sa tír thionscnaimh;
- rogha ionstraime dlí (rialachán seachas treoir).

c) *Rialachán Nós Imeachta*

- nós imeachta i dtrí chéim dhifriúla (nós imeachta riarachán: nósanna imeachta rialta nó brostaithe; nósanna imeachta achomhairc);
- teorainneacha ama níos giorra, córas um Chaomhnóireacht, cúnamh dlí saor in aisce ag gach céim den nós imeachta;
- sásra smachtbhannaí;
- rogha ionstraime dlí (rialachán seachas treoir).

## IV. CONCLÚID

11. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht bailchríoch a chur ar an gcéad scrúdú teicniúil ar Rialachán Bhaile Átha Cliath agus tograí nua comhréitigh a thíolaic, agus a bheidh á meas ag an Meitheal go luath agus, i gcás inarb iomchuí, díospóireachtaí cuiditheacha beartais a reáchtáil maidir leis an togra seo ag Coreper agus ag an gComhairle. I bhfianaise na n-idirnasc idir Rialachán Bhaile Átha Cliath agus tograí eile ón bpacáiste reachtach i mí Iúil, go háirithe an Rialachán um Nósanna Imeachta Tearmainn, an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, an Rialachán Cáilitheachta, leagann an Uachtaránacht an-bhéim ar scrúdú comhuaineach ar na comhaid sin. Dá bhrí sin, tá sé i gceist ag an Uachtaránacht go dtosóidh an Mheitheal um Thearmann a scrúdú teicniúil. Ag an am céanna, déanfaidh an Uachtaránacht an chéad scrúdú teicniúil ar an dréacht-Rialachán lena mbunaítear Creat Athlonnaithe Aontais. I dtuairim na hUachtaránachta, níl naisc shuntasacha theicniúla ag an togra seo le tograí eile an phacáiste, rud a cheadódh dul chun cinn a dhéanamh go pras.

12. I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar COREPER agus ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) aird a thabhairt ar an tuarascáil seo ar dhul chun cinn;

b) cur chuige ar thrí bhealach a fhormhuiniú, a mhol Uachtaránacht na Slóvaice, chun pacáiste athchóirithe CET a scrúdú:

- díriú ar scrúdú a dhéanamh ar Rialachán Eurodac agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Rialú Tearmainn, a bhfuil sé d’aidhm aige dul chun cinn a dhéanamh i dtreo cur chuige ginearálta ón gComhairle ag deireadh a téarma;

- ag an am céanna, Rialachán Bhaile Átha Cliath a phlé mar aon leis an Rialachán um Nósanna Imeachta Tearmainn, an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus an Rialachán Cáilitheachta;

- ag an am céanna, scrúdú teicniúil a dhéanamh ar an Rialachán lena mbunaítear Creat Athlonnaithe Aontais.